Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0334

Ceapachán Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2025 ar an togra le haghaidh cheapachán Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (N10-0060/2025 – C10-0268/2025 – 2025/0904(NLE))

(Formheas)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do thogra ó Bhord Maoirseoirí an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde an 23 Deireadh Fómhair 2025 (C10-0268/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 51(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010, lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2019 maidir le cothromaíocht inscne in ainmniúcháin ghnóthaí eacnamaíocha agus airgeadaíochta an Aontais[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Eanáir 2020 maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta: coinbhleachtaí leasa i ndiaidh fostaíocht phoiblí a chosc[3],

– ag féachaint do Riail 135 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta

---

1 IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj.
2 IO C 23, 21.1.2021, lch. 105.
3 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0017.

agus Airgeadaíochta (A10-0247/2025),

A. de bhrí go dtiocfaidh deireadh le téarma oifige Stiúrthóir Feidhmiúcháin reatha an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde an 31 Márta 2026;

B. de bhrí gur mhol Bord Maoirseoirí an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde, an 23 Deireadh Fómhair 2025, i ndiaidh nós imeachta roghnúcháin oscailte, Damian Jaworski a cheapadh ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin go ceann téarma oifige 5 bliana, i gcomhréir le hAirteagal 51(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010;

C. de bhrí go raibh éisteacht ag an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta le Damian Jaworski an 6 Samhain 2025, éisteacht ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ceisteanna ó chomhaltaí an Choiste ina dhiaidh sin;

1. ag formheas cheapadh Damian Jaworski mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus chuig rialtais na mBallstát.